




AONAD 3

DO PHOST A DHÉANAMH

Ábhair an Aonaid

- 1 Treoirínte do mhúinteoirí
- 2 Obair ar airde
- 3 Sábháilteacht iompair san ionad oibre
- 4 Ceimiceáin
- 5 Feirmeoireacht
- 6 Fáilteachas
- 7 Trealamh cosanta pearsanta (PPE)
- 8 Gníomhaíochtaí an aonaid
- 9 Faisnéis bhreise

DO PHOST A DHÉANAMH



TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Sa leabhar saothair 'Choose Safety', tá an t-inneachar seo a leanas le fáil in **Aonad 3 Do jab a dhéanamh**

- Cuid 1 Obair ar airde
- Cuid 2 Sábháilteacht iompair san ionad oibre
- Cuid 3 Ceimiceáin
- Cuid 4 Feirmeoireacht
- Cuid 5 Fáilteachas
- Cuid 6 Trealamh Cosanta Pearsanta

AONAD 3, CUID 1, OBAIR AR AIRDE

Is éard is obair ar airde ann ná obair in áit ar bith óna bhféadfadh fostaí titim anuas agus a bhféadfaí díobháil phearsanta tarlú dó/di dá bharr. Áirítear leis sin obair a dhéanamh ar scafall nó ar ardán soghluaiste, obair ar chúl leoraí, ar chuaille teileafóin, ar dhréimire, etc.

Áirítear iad seo a leanas i measc samplaí de ghníomhaíochtaí oibre a n-aicmítear iad mar obair ar airde agus a gcuimsítear iad faoi na Rialacháin um Obair ar Airde:

- stól soghluaiste ar rothaí nó dréimire taca a úsáid i seomra stoic nó i leabharlann
- ardán ardaithe oibre soghluaiste a úsáid chun obair chruach a chur suas
- ardáin oibre agus dréimírí a úsáid chun péinteáil nó glanadh a dhéanamh
- lampaí nó tileanna síleála a athrú in oifig
- obair ar chúl leoraí chun ualach a chlúdach
- obair ar bharr leoraí breosla
- crainn nó cuailí a dhreapadh
- soilsíú a shocrú le haghaidh ceolchoirme nó léiriú stáitse
- úmacha agus téada a úsáid go gairmiúil chun teagasc a thabhairt i rópadóireacht anuas nó in ailleadóireacht
- obair gar do thochoilt oscailte nó do comhla thógála siléir

- póstaer a chrochadh ar airde
- scafall a chur suas nó obair air
- obair ar mhúnlóireacht ar airde.

I measc gníomhaíochtaí nach gcuimsítear iad faoi na Rialacháin um Obair ar Airde, áirítear:

- siúl suas agus anuas an staighre in oifig
- obair in oifig ar urláir uachtaracha foirgneamh cóiríochta sealadaí
- suí i gcathaoir.



Tá haistí siléir le fáil ar go leor áitreabh. D'fhéadfadh haistí siléir a bheith an-chontúirteach, agus tá sé thar a bheith tábhachtach na réamhchúraimí cuí a ghlacadh. Tá bearta eagrúcháin rithábachtach lena áirithiú gur féidir haistí siléir a úsáid go sábháilte.

GNÉITHE LE CUR SAN ÁIREAMH

- Seachain obair ar airde más féidir
- iarr ar an saoiiste an féidir an jab a dhéanamh ón talamh, mar shampla scuab insínte a úsáid chun fuinneog thuas staighre a ghlanadh
- roghnaigh trealamh oiriúnach don obair ar airde. Más gá dréimírí a úsáid, déan cinnte go bhfuil sé sábháilte iad a úsáid. Seiceáil go bhfuil dea-bhail orthu roimh iad a úsáid, agus go bhfuil siad socraithe agus daingnithe i gceart
- má tá an obair ar airde le déanamh lasmuigh, smaoinigh ar na dálaí aimsire.

Sna Rialacháin um Obair ar Airde, éilítear ar fhostóirí agus ar fhostaithe na nithe seo a leanas a áirithiú:

- go seachnaítear gach obair ar airde nuair is féidir
- go ndéantar gach obair ar airde a phleanáil, a eagrú, a mhaoirsiú agus a chur i gcrích i gceart
- gurb in áit shábháilte a dhéantar an obair ar airde
- go gcuirtear dálaí aimsire san áireamh maidir le gach obair ar airde
- go gcuirtear teagasc agus oiliúint ar oibrithe
- go ndéantar trealamh a scrúdú roimh úsáid a bhaint as
- go n-úsáidtear an trealamh is cuí.

AONAD 3, CUID 2, SÁBHÁILTEACHT IOMPAIR SAN IONAD OIBRE

Gach bliain, bíonn feithiclí san ionad oibre ina gcúis le líon suntasach timpistí. Mar gheall go n-úsáidtear feithiclí go forleathan mar chuid den saol laethúil, go minic ní aithníonn fostóirí, bainisteoirí ná fostaithe go mbíonn contúirt ag baint le gníomhaíochtaí feithiclí san ionad oibre agus gur gá iad a rialú agus a bhainistiú go héifeachtach chun gortú do dhaoine a chosc. Tarlaíonn roinnt timpistí mar gheall nach bhfuil an fheithicil oiriúnach don tasc, go bhfuil sí lochtach nó go gcuirtear droch-chothabháil uirthi nó gurb iad baill foirne neamhoilte a chuireann cothabháil uirthi nó go n-úsáidtear cleachtais nach bhfuil sábháilte agus cothabháil á cur uirthi. Tarlaíonn timpistí freisin mar gheall nach rialaítear rochtain choisithe ar limistéir feithiclí nó mar gheall nach gcuirtear a dhóthain oiliúna ar thiománaithe.

Ní mór d'fhostóirí agus do dhaoine féinfhostaithe a bheith ar an eolas i ndáil leis na rioscaí is mó a bhaineann le feithiclí ar gá iad a bhainistiú chun oibrithe agus daoine den phobal a chosaint san ionad oibre.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí is coitianta a bhaineann le básanna agus gortuithe de bharr feithiclí:

- tiomáint don obair
- cúlú agus ainlithe ar luas mall
- cúpláil agus dichúpláil
- cothabháil agus deisiúcháin ar fheithicil
- lódáil, dílóidáil agus daingniú an t-ualach.

Gnéithe d'Ionad Oibre Sábháilte

Ba cheart go gcuimseofaí bealaí, comharthaí agus marcanna cuí don trácht mar chuid d'ionad oibre atá deartha agus cothabháilte go maith. Gnéithe tábhachtacha eile is ea iad coisithe agus feithiclí a scaradh óna chéile, córas aontreo, agus infheictheacht mhaith.

Bealaí tráchta

Cabhrófar le gluaiseacht shábháilte thart timpeall an ionaid oibre don uile dhuine trí bhealaí tráchta oiriúnacha agus soiléire atá marcáilte go maith agus a bhfuil comharthaíocht mhaith orthu.

Comharthaíocht

Le comharthaíocht chuí, cabhrófar le tiománaithe agus le coisithe rialacha an láithreáin a leanúint.

Sábháilteacht Coisithe

Is coisithe iad daoine a bhíonn ag siúl san ionad oibre. Cabhrófar le rioscaí féideartha a dhíorthú trí choisithe a scaradh go héifeachtach (chomh fada agus is féidir) ó fheithiclí. Le bealaí oiriúnacha agus soiléire do choisithe atá marcáilte go maith agus a bhfuil comharthaíocht mhaith orthu, cabhrófar lena áirithiú gur féidir le coisithe gluaiseacht go sábháilte agus nach ndéanfar díobháil dóibh.

Déantar iniúchadh breise ar shábháilteacht coisithe agus sábháilteacht forcardaitheoirí ar leathanach 41 agus 42 den leabhar do dhaltáí.

AONAD 3, CUID 3, CEIMICEÁIN

Is cuid den saol laethúil iad ceimiceáin. Bíonn siad le fáil in éagsúlacht mhór táirgí timpeall an tí, amhail péint, púdar níocháin, seampú agus glóthach chithfholctha. Bíonn siad le fáil sa timpeallacht freisin, d'aonturas (mar shampla ó lotnaidicíd a úsáidtear sa ghairdín) nó de neamhaistear (ó thruailliú). Bíonn ceimiceáin le fáil i ngach ionad oibre freisin; fiú san oifig is glaine agus is nua-aimseartha, is féidir a bheith nochtaithe go rialta do cheimiceáin amhail dúigh agus tonóirí.

Is iomaí foirm a bhíonn ag ceimiceáin:

Deannach, mύch, snáithíní, púdaí

Leachtanna

Gáis, gala, ceonna

Níl gach ceimiceán díobhálach, ach tugtar ceimiceáin ghuaiseacha ar na ceimiceáin sin a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do shláinte an duine nó don timpeallacht.

Áirítear iad seo a leanas i measc na nguaiseacha a bhaineann le ceimiceáin:

Pléascach
Inlasta
Ocsaídiúcháin
Creimneach
Greannach

Íogróir
Carcanaigin
Só-ghineach
Tocsaineacht maidir le síolrú
Guaiseach don timpeallacht

Is féidir éifeachtaí ceimiceán guaiseach a shonrú:


- go díreach tar éis teagmhála: dó ceimiceach nó pléascadh mar shampla
- tar éis tréimhse ama amháin: mar shampla ailse.

Cuimsítear na nithe seo a leanas freisin in Aonad 3, Cuid 3 den leabhar do dhaltaí:

- conas is féidir le ceimiceáin a bheith guaiseach don tsláinte?, leathanach 43
- cá háit ar féidir eolas a fháil faoi ghuaiseacha ceimiceacha? 44
- fíricí gasta maidir le táibléid/capsúil ina bhfuil leacht níocháin, leathanach 44
- faisnéis úsáideach maidir le lipéid, lena n-áirítear léaráidí, leathanach 44 agus 45
- bileoga sonraí sábháilteachta, leathanach 46
- príomhleideanna, má iarrtar ort ceimiceán a úsáid san ionad oibre, leathanach 47.

AONAD 3, CUID 4, FEIRMEOIREACHT

Earnáil oibre ardriosca is ea an fheirmeoireacht. Ba le timpistí feirme a bhain an chuid ab airde de bhásanna san ionad oibre a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta idir 2010 agus 2013. In 2013 amháin, maraíodh sé dhuine dhéag in earnáil na feirmeoireachta.



I gCuid 4 den leabhar do dhaltaí, déantar iniúchadh breise ar phríomhchúiseanna timpistí ar an bhfeirm agus ar bhealaí tábhachtacha chun timpistí a chosc, leathanach 49. Féachtar freisin ar Chumhachtdúiseachtaí (PTO), Scileanna Sábháilteachta maidir le Tarracóirí, Feithiclí Uile-Thalún/Cuadrothair, leathanach 49 agus 50.

AONAD 3, CUID 5, FÁILTEACHAS

Fostaítear go leor daoine óga in earnáil an fháilteachais. Ionaid oibre ghnóthacha agus ghníomhacha iad seo ina bhfuil go leor guaiseacha. Tá láimhsiú agus sciorthaí, tuislí agus titimí ar na cúiseanna is mó le timpistí san earnáil seo. Cuimsítear iad sin araon in Aonad 2. Tugtar breac-chuntas ar chúiseanna eile timpistí agus ar bhearta coisctheacha ar leathanach 51 den leabhar do dhaltaí.

AONAD 3, CUID 6, TREALAMH COSANTA PEARSANTA (PPE)

Críochnaítear Aonad 3 trí fhéachaint ar threalamh cosanta pearsanta. Is le measúnú riosca a chinntear soláthar agus úsáid trealamh cosanta pearsanta. Ba cheart gach beart rialaithe a chur i bhfeidhm roimh threalamh cosanta pearsanta a chaitheamh nó i dteannta an trealamh sin. Soláthraítear leideanna úsáideacha maidir le trealamh cosanta pearsanta a úsáid ar leathanach 53 den leabhar do dhaltaí.

Torthaí Foghlama

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- breac-chuntas a thabhairt ar na príomhghnéithe le cur san áireamh agus obair á déanamh ar airde
- liosta a thabhairt de na réamhchúraimí atá le glacadh maidir le hiompar an ionaid oibre
- cur síos a thabhairt ar conas is féidir le ceimiceáin díobháil a dhéanamh
- breac-chuntas a thabhairt ar Bhileoga Sonraí Sábháilteachta a úsáid
- lipéid ar tháirgí ceimiceacha a shainaithint
- breac-chuntas a thabhairt ar fhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe maidir le trealamh cosanta pearsanta
- na guaiseacha a bhaineann le dhá earnáil thábhachtacha oibre – an fheirmeoireacht agus an fáilteachas – a shainaithint

PLEANANNA CEACHTA MOLTA D'AONAD 3

1. Iarr ar dhaltaí liosta a thabhairt de na gníomhaíochtaí oibre a bhíonn ar siúl acu agus na rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht a bhaineann leo. Déan plé sa rang ar bhealaí chun an ghníomhaíocht oibre a dhéanamh níos sábháilte.
2. Is iad láimhsiú mícheart agus sciorthaí, tuislí agus titimí is cúis le cuid mhór de na timpistí san ionad oibre. D'fhéadfadh daltaí féachaint ar na háiteanna is mó ina dtarlódh na guaiseacha sin ina bpost nó ar a dtaithe oibre féin, agus ar na bearta atá i bhfeidhm chun cosc a chur ar thimpistí.
3. D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí míniú a thabhairt ar an bhfáth a gcuirtear lipéid ar tháirgí ceimiceacha, cé na táirgí ceimiceacha a úsáidtear sa bhaile, agus conas is ceart iad a stóráil agus a láimhseáil.
4. Is iad láimhsiú mícheart agus sciorthaí, tuislí agus titimí is cúis le cuid mhór de na timpistí san ionad oibre. D'fhéadfadh daltaí féachaint ar na háiteanna is mó ina dtarlódh na guaiseacha sin ina bpost nó ar a dtaithe oibre féin, agus ar na bearta atá i bhfeidhm chun cosc a chur ar thimpistí.
5. Féach **an cleachtadh do na hábhair Eolaíochta** (leathanach 14 den Bhrollach do Mhúinteoirí). Is féidir é sin a chur i bhfeidhm ar an gcuid maidir le Ceimiceáin.
6. Féach an fhaisnéis maidir le **hEacnamaíocht Bhaile** (leathanach 12 den Bhrollach do Mhúinteoirí). Is féidir é sin a chur i bhfeidhm ar an bhFáilteachas.
7. Críochnaigh an tAonad trí iarraidh ar dhaltaí focail bhreise a chur lena mBunachar Focal féin nó le Bunachar Focal an ghrúpa.
8. I gcás na **nGníomhaíochtaí Aonaid**, ba cheart do dhaltaí an taithe atá acu féin go dtí seo a chur san áireamh, nó smaoineamh ar aon taithe a bhí acu chuige sin agus na ceisteanna á bhfreagairt.

Scríobh Nótaí



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3

Aonad 3, Cuid 1, Obair ar Airde



GNÍOMHAÍOCHT 3.A, Leathanach 40 I mBEIRTEANNA

I mbeirteanna

1. Liostaigh seacht n-ionad oibre ina mbíonn daoine ag obair ar airde go rialta.

2. Liostaigh na cineálacha gortuithe a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar obair ar airde.

3. Smaoinigh ar rialuithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le haghaidh dhá cheann de na hionaid oibre atá liostaithe faoi uimhir 1 thuas.

4. Liostaigh an trealamh cosanta pearsanta a d'fhéadfadh cabhrú chun timpiste nó gortú a chosc i gcás duine ag obair ar airde.

Nóta don mhúinteoir: Gníomhaíocht 3.A

Gairmeacha beatha ina mbíonn daoine ag obair ar airde go rialta:

- Tógálaithe
- Siúinéirí/Saoir adhmaid
- Leictreoirí
- Gloineadóirí
- Innealtóirí Téimh agus Aerála
- Péintéirí/Maisitheoirí
- Pluiméirí
- Díonadóirí
- Glantóirí simléar

Gortuithe tromchúiseacha a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar obair ar airde:

- Géaga briste
- Bristeacha
- Teascadh
- Cur as alt (gualainne, cromáin, glúine, dromlaigh)
- Lot inchinne (gortuithe don chloigeann)
- Comhtholghadh agus neamhaireachtáil



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3

Aonad 3, Cuid 2, Sábháilteacht iompair san ionad oibre

nua



GNÍOMHAÍOCHT 3.B, Leathanach 42 I nGRÚPAÍ

I dtaighde a rinneadh le déanaí thar ceann an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, i gcás an 111 eagraíocht ar a ndearnadh an suirbhé, thug gach eagraíocht le fios go mbíonn coisithe ag gluaiseacht timpeall ar an ionad oibre.

Ábhar imní atá ann gur chreid 45% de na heagraíochtaí sin nach bhfuil coisithe ar an eolas maidir leis na rioscaí a bhaineann le bealaí iompair san ionad oibre.

Cuimsítear le coisithe fostaithe, daoine den phobal nó oibrithe ar cuairt a thagann gar d'fheithiclí san ionad oibre. D'fhéadfadh innealtóir cothabhála a thagann ar an láithreán, custaiméir

ag siúl in aice le forcardaitheoir ag ollmhargadh nó ag clós soláthraí ábhar tógála, nó fiú duine ag siúl in aice le crann tógála soghluaiste a bheith i gceist leis sin.

An dúshlán atá romhat – 'Céard is féidir a dhéanamh chun cabhrú leis na coisithe ar fad a choimeád slán sábháilte'?

I ngrúpaí de thriúr, **roghnaigh ionad oibre atá liostaithe san alt thuas** agus tabhair réitigh chun coisithe a choimeád sábháilte agus tabhair breac-chuntas ar leas na réiteach sin.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3

Aonad 3, Cuid 3, Ceimiceáin

nua



GNÍOMHAÍOCHT 3.C, Leathanach 43 I mBEIRTEANNA

Úsáid foclóir nó suíomh gréasáin chun ciall na bhfocal sna boscaí thíos a aimsiú.

Is iomaí foirm a bhíonn ag ceimiceáin:

Deannach, mύch, snáithíní, pύdair

Leachtanna

Gáis, gala, ceonna

Áirítear iad seo a leanas i measc na nguaiseacha a bhaineann le ceimiceáin:

Pléascach

Inlasta

Ocsaídiúchán

Creimneach

Greannach

Íogróir

Carcanaigin


Só-ghineach

Tocsaineacht maidir le

síolrú

Guaiseach don

timpeallacht



Ní mór an tsiombail ghuaise chuí nó an pictéagram cuí a chur ar taispeáint ar cheimiceáin ghuaiseacha.



GNÍOMHAÍOCHT 3.D, Leathanach 44 CLEACHTADH GRÚPA / PLÉ RANGA

Meaitseáil na guaiseacha sa liosta thíos leis an tsiombail ghuaise a bhaineann leo ón íomhá thuas:

Guais	Uimhir na siombaile	Guais	Uimhir na siombaile
Pléascach		Creimneach	
Ocsaídiúchán		Carcanaigin, Só-ghineach, Tocsaineacht maidir le síolrú	
Gás faoi bhrú		Greannú	
Inlasta		Tocsaineach	
Guaiseach don Timpeallacht			



GNÍOMHAÍOCHT 3.E, Leathanach 45 I mBEIRTEANNA

Liostaigh roinnt ceimiceáin ghuaiseacha a d'fhéadfaí a fháil sa bhaile nó ar scoil

Ceimiceán	Guaiseacha atá liostaithe ar an lipéad
Tuarthóir	Greannach



GNÍOMHAÍOCHT 3.F, Leathanach 47

I mBEIRTEANNA

Ón liosta de cheimiceáin ghuaiseacha a bhféadfaí iad a fháil sa bhaile nó ar scoil, déan cur síos ar an nguais agus ar conas a d'fhéadfaí é a rialú.

Ceimiceán	Guaiseacha	Beart rialaithe
Tuathóir	Greannach	Lipéad soiléir Caipín sábháilteachta leanaí Stóráil shábháilte Úsáid miteoga agus spéaclaí cosanta



GNÍOMHAÍOCHT 3.G,

Leathanach 47

I mBEIRTEANNA

Roghnaigh táirgí tí (mar shampla glantóirí, fiailnimheanna etc.) agus cuardaigh ar líne don bhileog sonraí sábháilteachta don ghlantóir. **Leid** – cuardaigh ainm an tsoláthraí agus ba cheart go mbeifeá in ann teacht ar chóip den bhileog sonraí sábháilteachta ón suíomh gréasáin sin. Déan plé sa rang ar conas a d'éirigh leat.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3

Aonad 3, Cuid 4, Feirmeoireacht

nua



GNÍOMHAÍOCHT 3.H, Leathanach 50 CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

Iarrtar ort cabhair a thabhairt ar fheirm comharsana leat i rith mhíonna an tsamhraidh. Beidh tú páirteach san obair seo a leanas: caoirigh a thabhairt ó pháirc go páirc, beatha a thabhairt do na ba ar an bhféarach, tarracóir a thiomáint, feistis éagsúla tarracóra a úsáid, dáileoga táirgí tréidliachta a thabhairt d'ainmhithe.

Ainmnigh na deich nguais is mó a bheidh ann, dar leat. Conas atá sé i gceist agat dul i ngleic leis na guaiseacha sin? Conas a dhéanfaidh tú do mholtaí nó d'ábhair imní a chur in iúl don fheirmeoir?



GNÍOMHAÍOCHT 3.I, Leathanach 50 I nGRÚPAÍ

- a) Déan plé ar conas a d'fhéadfadh an Rialtas, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, coláistí

talmhaíochta tríú leibhéal, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Teagasc, agus comhlachtaí feirmeoireachta eile an gá atá le sábháilteacht ar an bhfeirm a chur ina luí ar fheirmeoirí.

- (b) Socraigh ar théamaí oiriúnacha d'fheachtas fógraíochta teilifíse maidir le sábháilteacht ar an bhfeirm.

Déan plé ar conas a chabhróidh sin leis an teachtaireacht maidir le sábháilteacht ar an bhfeirm a scaipeadh i measc feirmeoirí, agus an ann do bhealaí oiriúnacha eile chun sábháilteacht ar an bhfeirm a chur chun cinn agus a aibhsiú.



GNÍOMHAÍOCHT 3.J, Leathanach 50 PLÉ RANGA

Breathnaigh ar an bhfíseán gairid <http://www.youtube.com/watch?v=W5I1hzWO--o> sa tsraith Survivor Stories ar shuíomh gréasáin an Údaráis, Clár 8: Buachaill óg trí bliana déag d'aois i dtimpiste tarracóra. Déan plé ar thionchar an fhíseáin sin. Céard a d'fhoghlaim tú ón bhfíseán seo? Conas a d'fhéadfaí timpistí cosúla a sheachaint?



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3

Aonad 3, Cuid 5, Fáilteachas

nua



GNÍOMHAÍOCHT 3.K, Leathanach 52 PLÉ RANGA

D'iarr Bainisteoir an Óstáin ort liosta a thabhairt de na deich nguais is mó is féidir leat a aimsiú sa chistin ghairmiúil san óstán. Teastaíonn uaidh go ndéanfaidh tú iad a chur in ord de réir a thromchúisí atá siad agus an riosca gortaithe do bhaill foirne a bhaineann leo, agus ansin liosta bearta rialaithe a chur le chéile do na cúig ghuais is mó.

Féach an foilseachán 'Safe Hospitality', Cuid 1-7, ar www.hsa.ie le faisnéis úsáideach a fháil chun an ghníomhaíocht thuas a dhéanamh. Is féidir an tábla (leathanach 52 den leabhar do dhaltai) a úsáid freisin chun Gníomhaíocht 3.K a dhéanamh.



GNÍOMHAÍOCHT 3.L, Leathanach 52 CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

Tá tú díreach tar éis tús a chur le do phost samhraidh i mbialann áitiúil. Ar dtús, iarrtar ort an bruscar a thabhairt amach chuig dlúthóir ar chúl an áitribh. Níor taispeánadh duit conas an dlúthóir a úsáid, agus níl tú cinnte conas an cairtchlár a chur isteach ann.

Céard ba cheart duit a dhéanamh?



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3

Aonad 3, Cuid 6, Trealamh Cosanta Pearsanta



GNÍOMHAÍOCHT 3.M,

Leathanach 54

CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR



GNÍOMHAÍOCHT 3.N,

Leathanach 54

CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

TREALAMH COSANTA PEARSANTA



Ainmnigh an trealamh cosanta pearsanta i measc na míreanna seo a leanas.

Dréimírí, **spéaclaí cosanta**, **dalláin cluaise**, druil, **buataisí sábháilteachta**, scafall, **veist shofheicthe**, crios iompair, **clogad oibre**, **aghaidhmhasc**, **úim shábháilteachta**, **miteoga**, múchtóir dóiteáin, aonad fístaispeána.

Ainmnigh na hocht mír de threalamh cosanta pearsanta atá sa liosta thuas. Mínigh go hachomair conas atá cosaint phearsanta de shaghas éigin i gceist le gach mír díobh. Tabhair samplaí d'ionaid oibre inar dhócha go mbeadh gach píosa trealamh le fáil.

Nóta don mhúinteoir:

Tá na freagraí cearta aibhsithe thuas.

1. Cé na cineálacha gortuithe a d'fhéadfadh tarlú gan rialuithe cearta amhail trealamh cosanta pearsanta?
2. Roghnaigh an trealamh cosanta pearsanta ceart atá riachtanach chun na tascanna seo a leanas a dhéanamh go sábháilte:

- adhmaid a ghearradh
- innealra a ghlanadh
- obair ar airde
- marcanna a chur ar bhóthar
- drugaí a fhodháileadh
- táthú
- gruagaireacht.



DEIREADH AONAD 3: TRIAIL LUAIS,

Leathanach 54

1. Tabhair ceithre shampla de ghuaiseacha iompair san ionad oibre.
2. Ainmnigh ceithre phríomhchúis le timpistí ar an bhfeirm.
3. Céard iad na príomhrudaí is gá a chur san áireamh chun feithicil uile-thalún a oibriú?
4. Ainmnigh trí ghuais cheimiceach a d'fhéadfadh cur isteach ar shláinte an duine.
5. Ainmnigh dhá phríomhbhealach ina bhféadfá a bheith nochta do cheimiceáin san ionad oibre.
6. Ainmnigh an dá fhoinsé faisnéise is tábhachtaí ar cheimiceán guaiseach.
7. Léirigh an cineál faisnéise a bheifeá ag súil le feiceáil ar lipéad ceimiceáin ghuaisigh.
8. Ainmnigh ceithre ghairm ina bhféadfadh trealamh cosanta pearsanta a bheith de dhíth.



FAISNÉIS BHREISE

Feirmeoireacht

- Féach faisnéis ar an talmhaíocht atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis http://www.hsa.ie/eng/Your_Industry/Agriculture_Forestry/Vehicles_Machinery/Vehicles/
- Keep Safe on the Farm – Bileog faisnéise ón Údarás do dhaltai meánscoile
- Foilseachán ón Údarás ‘Safe use of all-terrain vehicles (ATVs) in Agriculture and Forestry’ – Bileog Faisnéise 2008 http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Agriculture_and_Forestry/ATV.pdf
- Tractor Safety and You http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Agriculture_and_Forestry/Tractor_Safety_and_You.html
- Children and Young Persons in Agriculture Code of Practice http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Agriculture_and_Forestry/The_Children_and_Young_Persons_in_Agriculture_COP_.html
- Físeán sa tsraith Survivor Stories – Aaron O'Donnell: Bhí Aaron O'Donnell trí bliana déag d'aois nuair a ghortaigh sé a chos go dona agus nascaire tarracóra á athrú aige. San fhíseán seo, déanann sé cur síos ar an timpiste agus ar thionchar na timpiste air. Tosaíonn formhór na bhfeirmeoirí ag déanamh jabanna ar an bhfeirm agus iad an-óg. Cuireann Aaron comhairle ar fáil le bheith sábháilte thart timpeall ar innealra.

- Féach cúrsa ar líne an Údaráis ‘Far Safely with Slurry’ ar <http://hsalearning.ie>

Fáilteachas

Láithreán gréasáin an Údaráis

- Safe Hospitality, Cuid 1-7. Féach http://www.hsa.ie/eng/Your_Industry/Catering_and_Hospitality/
- Simple Safety – sraith uirlisí praiticiúla a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre agus timpistí a laghdú. Áirítear sa tsraith sábháilteacht shimplí maidir le bia agus deochanna agus in earnálacha miondíola. Féach http://www.hsa.ie/eng/Topics/Simple_Safety/
- Guide on Manual Handling Risk Assessment in the Retail Sector http://www.hsa.ie/eng/Topics/Slips_Trips_Falls/
- Físeán cás-staidéir ar láimhsiú, sraith 1 http://www.hsa.ie/eng/Workplace_Health/Manual_Handling/Manual_Handling_Risk_Assessment_Videos_Series_1/
- Físeán cás-staidéir ar láimhsiú, sraith 2 http://www.hsa.ie/eng/Workplace_Health/Manual_Handling/Manual_Handling_Risk_Assessment_Videos_Series_2/



D'fhéadfadh daltaí triail a bhaint as 'Haphazard', cluiche oideachasúil ar líne, mar chuid d'Aonad 3. Cuimsíodh an cluiche sin sna nótaí d'Aonad 2 ó tharla go mbaineann sé leis an dá aonad. Áirítear leis an gcluiche guaiseacha a shainaithint i roinnt cásanna oibre lena n-áirítear in earnáil an fháilteachais. Is féidir triail a bhaint as 'Haphazard' ar www.hsasafetygame.ie



FAISNÉIS BHREISE

Sábháilteacht iompair san ionad oibre

Féach faisnéis bhreise ar shábháilteacht iompair san ionad oibre ar www.hsa.ie

- http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Work_Related_Vehicles/WTS_Safe_Workplace.pdf
- Sábháilteacht coisithe san ionad oibre
http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Information_Sheets/pedestrian-safety-in-the-workplace.pdf
- Leideanna sábháilteachta maidir le forcardaitheoirí –
http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Information_Sheets/forklift-safety-tips.pdf

Ceimiceáin

- Bileog Faisnéise maidir le Glantaigh
http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Chemical_and_Hazardous_Substances/Detergents_Info_Sheet.pdf
- Bileoga Faisnéise maidir le Bileoga Sonraí Sábháilteachta
http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Information_Sheets/SDS_hazchem_info_sheet.pdf

Scríobh Nótaí



AONAD 4

RÓIL, TASCANNA AGUS TUSA

Ábhair an Aonaid

- 1 Treoirínte do mhúinteoirí
- 2 Oifigeach sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta
- 3 Timpeallacht Oibre
- 4 Sláinte agus folláine san ionad oibre
- 5 Gníomhaíochtaí an aonaid
- 6 Faisnéis bhreise

RÓIL, TASCANNA AGUS TUSA



TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Sa leabhar saothair 'Daoine Óga ag Obair', tá an t-inneachar seo a leanas le fáil in **Aonad 4 Róil, tascanna, agus tusa**:

- Cuid 1 Oifigeach sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta
- Cuid 2 An Timpeallacht Oibre
- Cuid 3 Sláinte agus folláine san ionad oibre

AONAD 4, CUID 1, OIFIGEACH SÁBHÁILTEACHTA AGUS IONADAÍ SÁBHÁILTEACHTA

Tá dualgas ar gach fostóir cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair a bhainistiú d'fhonn timpistí agus drochshláinte a chosc. Féadfaidh an fostóir cinneadh a dhéanamh **oifigeach sábháilteachta** a cheapadh chun oibríochtaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus chun gníomhú ar a s(h)on maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Mar sin féin, is faoin bhfostóir atá an fhreagracht as cúrsaí sláinte agus sábháilteachta i gcónaí.

Tá fostaithe i dteideal **ionadaí sábháilteachta** a roghnú chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta i gcomhairle leis an bhfostóir. Tugtar breac-chuntas ar fheidhmeanna an ionadaí sábháilteachta ar leathanach 57 den leabhar do dhaltai.

AONAD 4, CUID 2, TIMPEALLACHT OIBRE

Féachtar ar an timpeallacht oibre in Aonad 4, Cuid 2. Cuimsítear leis an timpeallacht oibre tosca amhail teas, solas, aerú, agus torann. Tá sé tábhachtach go bhfuil oibrithe compordach ag an obair agus go bhfuil rialuithe

cuí i bhfeidhm chun é sin a áirithiú. Mar shampla, socraítear scáileáin ríomhaire go cuí chun dalladh ón ngrian a sheachaint.

I gCuid 2, dirítear ar theocht, soilsiú, aerú, deannach agus mých, torann, agus bainistí (leathanach 59 agus 60 den leabhar do dhaltai).

AONAD 4, CUID 3 SLÁINTE AGUS FOLLÁINE SAN IONAD OIBRE

In Aonad 4, Cuid 3, féachtar ar shláinte agus ar fholláine san ionad oibre. Tagraíonn an téarma 'síceasóisialta' do na cineálacha gortuithe sin nach gortuithe fisiciúla iad ach a chuireann isteach ar conas mar a mhothaíonn daoine. Is féidir féachaint ar an tsláinte mar fholláine an duine mar aon le heaspa tinneas a bheith air/uirthi. Trí dhea-bhraistint agus dhearcadh dearfach i leith an tsaoil a chothú, is féidir cur go mór lenár gcáilíocht beatha. Is iad na daoine sin atá sona sásta agus a bhfuil dearcadh sláintiúil agus intinn agus spiorad láidir acu is fearr atá in ann, go ginearálta, na dúshláin a bhíonn os a gcomhair sa saol a láimhseáil.

Mar sin féin, is lú an táirgiúlacht go minic a bhaineann le hoibrithe a bhfuil lagmheas acu orthu féin nó a bhfuil leibhéal meanma lag acu. Is mó an seans go dtarlódh timpiste ag an obair dóibh siúd freisin.

Féachtar ar na nithe seo a leanas freisin in Aonad 4, Cuid 3:

- strus (leathanach 61 den leabhar do dhaltai)
- iompraíocht an duine agus conas is féidir leis cur le timpistí (leathanach 65 agus 66 den leabhar do dhaltai)
- cur isteach (leathanach 67 den leabhar do dhaltai).

Samhlaigh:

Samhlaigh go bhfuil tú ag cleasaíocht le trí liathróid ag an am céanna. Tá tú ar do chompord ag cleasaíocht le 3 liathróid, tá tú go breá in ann chuige, agus ní chuirfeadh sé isteach ort go dtitfeadh ceann de na liathróidí mar, dá dtitfeadh, ní bheadh ort ach stopadh agus tosú in athuair. Mar sin féin, samhlaigh go bhfuil tú ag cleasaíocht le 5 liathróid. Mothaíonn tú nach bhfuil tú in ann chuige, go dtitfeadh liathróid amháin díobh ag am ar bith, go bhféadfadh duine liathróid eile a chaitheamh i do threo am ar bith agus, dá dtitfidís, cháiníí thú agus ní bheadh ar do chumas tosú in athuair. Samhlaigh an scéal sin ar feadh cúpla soicind agus smaoinigh ar conas mar a mhothóidh tú. Tá an mothúchán sin, an leibhéal ardaithe airdill agus eagla sin atá le brath, ar an ngné bhunúsach den strus.

Torthaí Foghlama

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- breac-chuntas a thabhairt ar ról an oifigigh sábháilteachta agus an ionadaí sábháilteachta
- breac-chuntas a thabhairt ar na tosca a chuireann le timpeallacht chompordach oibre
- breac-chuntas a thabhairt ar na tosca a chuireann le sláinte agus folláine dhearfach nó dhiúltach san ionad oibre
- ábhair seachráin san ionad oibre a shainaithint a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh

PLEANANNA CEACHTA MOLTA

1. D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh i measc na gceistanna tosaigh a bheidh le breithniú ag an rang: cén difríocht atá idir oifigeach sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta? Cén áit ar dhócha go mbeidís beirt le fáil? An bhfuil an bheirt acu riachtanach in ionaid oibre?

2. Tabhair faoi deara, i nGníomhaíocht 4.A Cur i Láthair Gairid, go bhféadfadh an príomhoide a bheith ina oifigeach sábháilteachta. Ní mór an togra sin a ullmhú go cúramach. Tá cúram agus maoirsiú cuí riachtanach nuair a thugann daltaí cuairt ar sheomraí teicneolaíochta, seomraí eolaíochta, etc.
3. Pléigh na buntáistí a bhaineann le timpeallacht chompordach oibre. Tabhair aird ar leith do thosca amhail teas, solas, aerú, agus torann.
4. Ní mór nochtadh na ndaltaí féin don bhulaíocht ar scoil a chur san áireamh nuair atá breithniú á dhéanamh ar strus agus ar bhulaíocht san ionad oibre. Is gá bheith cúramach anseo. Ceadaigh plé oscailte ar na topaicí seo, ach bí aireach i leith riachtanais daoine ar leith.
5. Spreag plé forleathan ar 'Roth an tSaoil'. Cén fáth a bhfuil an cleachtadh seo úsáideach? Déan plé ar smaointe chun cothroime a bhaint amach i míreanna áirithe den roth. Ná déan dearmad go mb'fhéidir gurbh fhearr le daltaí áirithe an t-eolas seo a choimeád dóibh féin. Bíodh an plé i dtéarmaí ginearálta.
6. I gcás na **nGníomhaíochtaí Aonaid**, ba cheart do dhaltaí an taithí atá acu féin go dtí seo a chur san áireamh, nó smaoiniamh ar aon taithí a bhí acu chuige sin agus na ceistanna á bhfreagairt.
 - Liostaigh bealaí ina bhféadfadh oibrí a mheas go bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi san ionad oibre
 - Cé air a dtéann bulaíocht i bhfeidhm?
 - Cén fáth a dtarlaíonn bulaíocht?
 - Cén fáth ar fadhb thromchúiseach é?
 - Céard is féidir le fostóir agus le fostaí a dhéanamh chun deireadh a chur leis an riosca bulaíochta san ionad oibre?
 - Cé eile a d'fhéadfadh cabhrú chun deireadh a chur leis an nguais sin?
 - An bhfuil difríocht idir an bhulaíocht ar scoil agus an bhulaíocht san ionad oibre?

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 4**

Aonad 4, Cuid 1, Oifigeach sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta

**GNÍOMHAÍOCHT 4.A, Leathanach 58**
CUR I LÁTHAIR GEARR

Déan socruithe le do mhúinteoir nó leis an bpríomhoide nó leis an oifigeach sábháilteachta cuairt a thabhairt ar cheann de na seomraí oibre sa scoil. D'fhéadfadh grúpaí seisear cuairt a thabhairt ar an seomra ealaíne, adhmaadóireachta, eolaíochta nó mar sin de.

Coinnigh taifead ar an gcrúinniú. Roghnaigh formáid ar bith amhail taifead curtha in eagar ar théip nó ar fhístéip, colláis de ghrianghraif nó de léaráidí, tuairisc de bhéal nó tras-scríbhinn ar an agallamh.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 4**

Aonad 4, Cuid 2, Timpeallacht Oibre

nua

Tráth na gCeist Gasta, Leathanach 60

Áirítear i measc coinníollacha san ionad oibre:

- A. Teas
- B. Solas
- C. Torann

- D. Aerú
- E. Trealamh cosanta pearsanta

Roghnaigh na freagraí cearta.

Sraith
Thapa
Ceisteanna**GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 4**

Aonad 4, Cuid 3 Sláinte agus folláine san ionad oibre

**GNÍOMHAÍOCHT 4.B,**
Leathanach 62
PLÉ RANGA

Smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas:

- C.1 Céard is cúis le strus?
- C.2 Céard is féidir le duine a dhéanamh chun na leibhéil struis ina shaol a laghdú?
- C.3 Céard is féidir le fostóirí a dhéanamh chun an strus ag an obair a laghdú?

**GNÍOMHAÍOCHT 4.C,**
Leathanach 62
PLÉ RANGA

- C.1 Cé na cineálacha brú a d'fhéadfadh a bheith ag baint le torthaí dearfacha agus diúltacha?
- C.2 An bhfuil tábhacht leis an gcineál pearsantachta?
- C.3 An bhfuil tábhacht leis an suíomh?
- C.4 An bhfuil tábhacht le haois agus/nó inscne?



GNÍOMHAÍOCHT 4.D, Leathanach 62

I mBEIRTEANNA

Le dalta eile, pléigh gach ceann de na hábhair seo a leanas a bhaineann le bulaíocht:

- bealaí ina bhféadfadh oibrí a mheas go bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi san ionad oibre
- cé air a dtéann bulaíocht i bhfeidhm?
- cén fáth a dtarlaíonn bulaíocht?
- cén fáth ar fadhb thromchúiseach é?
- céard is féidir le fostaí agus le fostóir a dhéanamh chun deireadh a chur leis an riosca bulaíochta san ionad oibre?
- cé eile a d'fhéadfadh cabhrú chun deireadh a chur leis an nguais sin?
- an bhfuil difríocht idir an bhulaíocht ar scoil agus an bhulaíocht san ionad oibre?



GNÍOMHAÍOCHT 4.E, Leathanach 62

CUR I LÁTHAIR GEARR

Ullmhaigh cur láthair ar CHEANN AMHÁIN de na guaiseacha seo a leanas san ionad oibre:

Torann iomarcach

Soilsíú lag

Strus

Drochbhainistí

D'fhéadfá cur i láthair a dhéanamh i gceann de na formáidí seo a leanas:

- togra scríofa
- póstaer
- saothar drámaíochta
- pictiúr nó saothar ealaíne
- colláis
- físeán
- mír raidió.

Nóta don mhúinteoir: is é atá i gceist le bainistí san ionad oibre an t-ionad oibre a choinneáil néata ionas nach dtarlódh timpistí. I measc samplaí den bhainistí, áirítear bealaí siúil a choimeád glan, gan seoláin shraoilleacha a bheith ann, gan carn ró-ard a dhéanamh d'earraí, uirlisí agus/nó trealamh cosanta pearsanta a chur ar ais san áit cheart nuair nach bhfuil siad in úsáid, agus limistéir stórála eagraithe.



GNÍOMHAÍOCHT 4.F, Leathanach 63

RANSÚ SMAOINTE

1. Déan plé ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann díobh seo a leanas maidir le folláine dhearfach a spreagadh i measc oibrithe:

fostóir	scoil
tuismitheoirí	céile / páirtí
rialtas	comhghleacaí ón obair
cara	fostaí
ceardchumann	

2. Cén tuiscint atá agat ar na téarmaí seo a leanas:

féinmhuinín / féinmheas / féin-iomhá

3. Déan ransú smaointe ar choincheap na cothromaíochta oibre is saoil.



GNÍOMHAÍOCHT 4.G, Leathanach 63

I nGRÚPAÍ

I ngrúpaí de CHEATHRAR, smaoinigh ar conas a chuireann gach ceann díobh seo a leanas le dea-bhraistint an duine. Ansin liostaigh na deich dtoisc IS TÁBHACHTAÍ ón liosta, dar leis an ngrúpa, chun dea-bhraistint a chinneadh. An mbeadh liosta éagsúil ag duine níos sine, dar leat?

Spórt, Gníomhaíocht Fhisiciúil, Obair, Ceol, Pobal, Ionbhá, Saibhreas, Saoirse chun roghanna a dhéanamh, Caidrimh, Creideamh Reiligiúnach, Glacadh leis an éagsúlacht, Riail agus Reachtaíocht, Tacaíocht, Cothú maith, Acmhainní sóisialta cearta, Deacrachtaí foghlama a thuiscint, Ceart Vótála.



GNÍOMHAÍOCHT 4.H, Leathanach 63 I nGRÚPAÍ

Sna grúpaí céanna de CHEATHRAR, smaoinigh ar conas a d'fhéadfadh gach ceann de na nithe seo a leanas tionchar diúltach a imirt ar dhea-bhraistint an duine. Ansin, déan iarracht na deich dtoisc IS MÓ, dar leis an ngrúpa, a imríonn tionchar diúltach ar dhea-bhraistint a chothú.


Bulaíocht, Steiréitíopáil, Foréigean Baile, Piarbhrú, Deacrachtaí Foghlama, Ábharachas, Neamhoird Itheacháin, Dífhostaíocht, Alcól, Cliseadh an Teaghlaigh, Strus, Bochtaineacht Choibhneasta, Leibhéal íseal oideachais, Caidrimh, Bás, Andúil



GNÍOMHAÍOCHT 4.I, Leathanach 64 CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

DÉAN 'ROTH SAOIL'.

Tabhair faoi deara: Tá roth an tsaoil roinnte in 8 mír atá tábhachtach duit i do shaol. Glac roinnt ama chun machnamh a dhéanamh ar gach mír díobh. Ansin, tabhair ráta ar do leibhéal sástachta i leith gach míre (glac leis go bhfuil lár an rotha cothrom le 0 agus go bhfuil an t-imeall lasmuigh cothrom le 10). Ná déan dearmad gurb é an aidhm atá le roth an tsaoil sonas agus cothromaíocht a aimsiú i do shaol.



GNÍOMHAÍOCHT 4.J, Leathanach 65 PLÉ RANGA

Níos luaithe, phléamar an tábhacht a bhaineann le dea-bhraistint fostaí. Is mó timpistí a tharlaíonn nuair a bhaintear an bonn den dea-bhraistint sin. Smaoinigh ar bhealaí (rialuithe) a d'fhéadfadh dea-bhraistint a spreagadh le haghaidh gach ceann de na hoibrithe seo a leanas:

oibrí ar líne tháirgeachta

garda nua-oilte

cúntóir cúram leanaí

freastalaí i mbialann ghnóthach



GNÍOMHAÍOCHT 4.K, Leathanach 67 I nGRÚPAÍ

Sa ghníomhaíocht seo, oibríonn tú i ngrúpaí de cheathrar. Ní mór teacht ar fhreagra comhaontaithe ar na cásanna a gcuirtear síos orthu, ansin tabharfaidh duine agaibh tuairisc don rang. Léigh gach ceann de na cásanna seo a leanas. Ainmnigh an droch-chleachtas agus abair cén fáth gur droch-chleachtas atá ann. Tabhair tuairim ar an duine a ghníomhaíonn go freagrach agus ar an duine a ghníomhaíonn go mífhreagrach. Conas ba cheart an cás a láimhseáil?

Cás 1

Cuireann fostaí in iúl dá maoirseoir go bhfuil sreanga nochta ar chúl an mhicreathonnáin sa chistin foirne. Ní dhéanann an maoirseoir é sin a chur in iúl don bhainisteoir. Dhá lá ina dhiaidh sin, tugtar turraing leictreach d'fhostaí eile agus an micreathonnán in úsáid aige.

Cás 2

Cuireann fostaí in iúl dá shaoiste go bhfuil dromchla sciorrach ar na céimeanna go dtí an seomra stórais. Is dócha gurb iad tíleanna ídithe ar an urlár is cúis leis. Bogann an fostóir an fostaí chuig tasc eile i limistéar eile den mhonarcha. Ní réitíonn an fostóir an fhadhb.

Cás 3

Iarrtar ort bosca ina bhfuil "roinnt ábhair glanta" a bhailiú ón seomra stórais thíos staighre. Deirtear leat go bhfuil na coimeádáin i mboscaí gan mharcáil, 'áit éigin' ar cheann de na seilfeanna is airde. Le stró mór, éiríonn leat na boscaí a aimsiú, agus tugann tú ar ais go dtí an oifig iad.

Cás 4

Is dalta thú atá ar thaithí oibre i siopa mór crua-earraí. Iarrtar ort moirtéal stroighin-bhunaithe a mheascadh chun cabhrú le balla a dheisiú sa limistéar stórála lasmuigh. Cé go bhfaca tú é sin á dhéanamh go minic agus gur chabhraigh tú le d'athair moirtéal a mheascadh roinnt blianta ó shin, níl tú cinnte maidir leis an gcleachtas is sábháilte. Go háirithe, ní thuigeann tú na lipéid ar thaobh an mhála stroighne.

Cás 5

Tá tú ag obair in óstán gnóthach. Feiceann tú go bhfuil an fáilteoir, atá ag obair ar conradh sealadach, ag láimhseáil go leor glaonna gutháin mar aon le daoine a sheiceáil isteach is amach, agus go bhfuil sí ag déileáil le go leor fiosrúcháin agus gearáin ghinearálta. Tá an chuma uirthi go bhfuil sí faoi bhrú, agus tá sí an-tuirseach agus an-choimhthíoch. Is cosúil nach bhfuil bainisteoir an óstáin ná an maoirseoir ar an eolas maidir leis an mbrú atá ar an bhfáilteoir. D'iarr sí ort gan aon rud a rá ar fhaitíos go measfaí í mar neamhoiriúnach don obair mar fháilteoir. Ina theannta sin, tá súil aici go dtabharfar conradh buan di amach anseo. Cinneann tú fanacht i do thost agus gan rud ar bith a rá.

Cás 6

Iarrtar ar dhaltá idirbhliana ar thaithí oibre i siopa trealamh feirme dul suas ar fhorcardaitheoir chun é a bhogadh trí mhéadar as an mbealach sula dtiocfaidh veain seachadta. Níl an dalta oile chun forcardaitheoir a thiomáint.



TRAIL LUAIS DHEIREADH AN AONAD, Leathanach 68

- C.1.** Cén difríocht is mó atá idir oifigeach sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta?
- C.2.** Ainmnigh ceithre thoisce a chuireann le timpeallacht chompordach oibre.
- C.3.** Ainmnigh ocht ngníomhaíocht laethúla a théann chun leas fholldáine an duine.
- C.4.** Céard is féidir le fostóir a dhéanamh chun timpeallacht oibre níos compordaí a chruthú don fhostaí?



FAISNÉIS BHREISE



- www.hsa.ie
- http://www.hsa.ie/eng/Workplace_Health/Workplace_Stress/
- Cás-staidéir 'Work Positive' http://www.hsa.ie/eng/Workplace_Health/Workplace_Stress/Work_Positive/Case%20Studies/
- Ceistneoir ar líne 'Work Positive' <http://www.workpositiveprofile.com/>
- Iompraíocht ag an Obair agus tú féin http://www.hsa.ie/eng/Workplace_Health/Accidents_and_Behaviour/
- Guide to the Safety, Health and Welfare at Work (General Application) Regulations 2007, Chapter 1 of Part 6 Protection of Children and Young Persons http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Retail/Gen_Apps_Children_Young_Persons.pdf
- Work Related Stress - Bileog Faisnéise an Údaráis le haghaidh Fostaithe (2011) http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Occupational_Health/Work_Related_Stress_Information_Sheet.pdf
- Cód cleachtais an Údaráis maidir le Cosc agus Réiteach na Bulaíochta ag an Obair
- Intoxicants at Work – Bileog Faisnéise de chuid an Údaráis (2011) http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Occupational_Health/Intoxicants_at_Work_Information_Sheet_.pdf



AONAD 5

SÁBHÁILTEACHT A CHUR IN IÚL

Ábhair an Aonaid

- 1 Treoirínte do mhúinteoirí
- 2 An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl
- 3 Tuairiscí ar thimpistí agus ar theagmhais
- 4 Ráiteas sábháilteachta
- 5 Comharthaí sábháilteachta
- 6 Gníomhaíochtaí an aonaid
- 7 Faisnéis bhreise

SÁBHÁILTEACHT A CHUR IN IÚL

AONAD 5



TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Sa leabhar saothair 'Choose Safety', tá an t-inneachar seo a leanas le fáil in **Aonad 5 An tsábháilteacht a chur in iúl**:

- Cuid 1 An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl
- Cuid 2 Tuairiscí ar thimpistí agus ar theagmhais
- Cuid 3 Ráitis Sábháilteachta
- Cuid 4 Comharthaí Sábháilteachta

San aonad seo, foghlaimíonn daltaí faoin tsábháilteacht a chur in iúl. Foghlaimíonn siad faoi thimpistí agus tarluithe contúirteacha san ionad oibre, lena n-áirítear cathain agus conas iad sin a thuairisciú. Ba cheart go bhfoghlaimíodh daltaí faoina thábhachtaí atá cumarsáid éifeachtach maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus go bhforbródís feachtas ar an ngá atá le híogaireacht agus le discríd.

AONAD 5, CUID 1, AN TEACHTAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA A CHUR IN IÚL

Ábhar imní do go leor oibrithe, go háirithe na hoibrithe sin ar thaithí oibre nó atá ag obair go páirtaimseartha, is ea aithint conas a chur in iúl don lucht bainistíochta go bhfuil riosca nua nó méadaithe san ionad oibre. Má fheiceann siad rud nach bhfuil sábháilte, ar cheart dóibh é a thuairisciú? An dtabharfar moladh dóibh nó an ndéanfar neamhshuim díobh as an ábhar imní a léiriú?

Pléitear nósanna imeachta san oiliúint ionduchtúcháin go hiondúil, nó d'fhéadfadh oibrithe foghlaim óna gcomhghleacaithe nó ó fhógraí san ionad oibre a léamh. Má bhíonn amhras ann, is cleachtas maith é iarraidh ar dhuine freagrach amhail maoirseoir nó oifigeach sábháilteachta.

Bíonn imní ar an lucht bainistíochta freisin maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl. Céard é an bealach is fearr chun ábhair imní nua maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl don fhoireann nó do chustaiméirí? Ar an gcaoi chéanna, ní mór don rialtas smaoineamh go cúramach maidir leis an stíl agus leis an mbealach ina ndéanann siad cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl. Ní mór do dhlíthe a bheith soiléir agus sothuigthe.

Is iomaí bealach trína féidir an teachtaireacht maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a chur in iúl d'fhostóirí, d'fhostaithe, agus don phobal.

Ina measc siúd, áirítear:

- foilseacháin rialtais
- treoirlíní agus cóid chleachtais arna bhfoilsíú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta
- fógraí sna nuachtáin, ar an raidió agus ar an teilifís
- irisleabhair ghairmiúla agus irisí ceirde
- clár fógraí san ionad oibre
- cruinnithe agus comhdhálacha ceirde
- fógraíocht lasmuigh agus póstaire phoiblí
- cúrsaí agus lámhleabhair oiliúna
- imeachtaí urraithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Dar ndóigh, is é an tldirlíon an córas cumarsáide is coitianta a úsáidtear inniu. Áit mhaith is ea suíomh gréasáin an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun tús a chur le cuardach maidir le 'sláinte agus sábháilteacht':

www.hsa.ie. Cuirtear faisnéis rithábachtach ar fáil i bhformáid shimplí ar an suíomh www.simplesafety.ie. Téigh chuig na suíomhanna sin agus féach ar an nuacht, ar an gcomhairle agus ar na staitisticí is déanaí maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

AONAD 5, CUID 2 TUAIRISCÍ AR THIMPISTÍ AGUS AR THEAGMHAIS

Tá sé tábhachtach go ndéantar timpistí san ionad oibre a thuairisciú agus a thaifeadh d'fhonn timpistí eile a chosc. Is féidir timpistí cosúla a sheachaint agus is féidir athbhreithniú agus feabhas a chur ar chórais de réir mar is cuí. I gCuid 2, féachtar ar thimpistí agus ar tharluithe contúirteacha a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Ina theannta sin, féachtar ar roinnt de na bearta a bhfeadfadh Cigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta iad a ghlacadh ionas nach dtarlódh timpistí – féach leathanach 74 den leabhar do dhaltai.

AONAD 5, CUID 3, RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA

Cuimsítear cur síos gairid ar an Ráiteas Sábháilteachta agus ar a chuspóir ar leathanach 77 den leabhar do dhaltai. Déantar trácht eile anseo ar na coincheapa **'guais', 'riosca' agus 'rialú'** ó Aonad 2.

D'fhéadfadh sé tarlú nach bhfeicfeadh daltaí ráiteas sábháilteachta i gcónaí agus iad ag tosú amach ag obair. Uaireanta tugtar 'beart sábháilteachta' air in ionaid oibre áirithe. Tá sé de dhualgas ar an bhfostóir a áirithiú go bhfuil ráiteas sábháilteachta chun dáta i bhfeidhm agus, níos tábhachtaí, go gcloítear leis.

AONAD 5, CUID COMHARHAÍ SÁBHÁILTEACHTA

Soláthraítear faisnéis maidir le sábháilteacht nó sláinte ar chomhartha sábháilteachta, agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis:

- clár comharthaí
- dath
- comhartha fuaimiúil
- cumarsáid bhriathartha
- comhartha láimhe.

Comhartha is ea clár comharthaí ar a soláthraítear faisnéis nó teoracha trí mheascán de chruth, de dhath agus de shiombailí, ach ní sholáthraítear faisnéis i scríbhinn.

Ní ceart focail scríofa a úsáid más léir an chiall ó phicteagram nó ó shiombail leis féin. Más gá míniú a thabhairt i bhfocail (mar shampla, dá mbeadh amhras ann

maidir le ciall siombaile), is ceart clár comharthaí forlíontach a sholáthar leis na focail chuí. Is féidir an clár comharthaí forlíontach sin a chrochadh ar an "iompróir" céanna.



Is iad seo a leanas na dathanna agus na cruthanna is ceart a úsáid ar chlár comharthaí sábháilteachta:

- **dearg** ar thoirmeasc
- **gorm** ar ghníomhartha éigeantacha
- **bui** ar rabhadh
- **glas** ar ghníomh dearfach
- ciorcail ar thoirmisc agus ar threoracha
- triantáin ar rabhaidh
- cearnóga agus dronuilleoga ar chomharthaí éigeandála agus faisnéise.

Tá tábla úsáideach le fáil ar leathanach 79 agus 80 den leabhar do dhaltai maidir le faisnéis ar chomharthaí sábháilteachta, lena n-áirítear cineálacha comharthaí, brí agus faisnéis, mar aon le sampla de gach cineál.

Cabhróidh sé le daltaí dul i dtaithe leis an ábhar sin mar tá comharthaí sábháilteachta le fáil i bhformhór na n-ionad oibre. Tá roinnt 'fíricí gasta' le fáil ar leathanach 80 maidir le comharthaí a sholáthar agus a úsáid.

Torthaí Foghlama

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- liosta a thabhairt de bhealaí chun saincheistanna sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl
- roinnt gnéithe den reachtaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht a phlé
- breac-chuntas a thabhairt ar an difríocht idir timpiste agus tarlú contúirteach
- úsáid na dtuairiscí ar thimpistí a léiriú
- ullmhú le haghaidh cruinnithe san ionad oibre tar éis timpiste
- cur síos a dhéanamh ar chuspóir ráitis sábháilteachta
- measúnú riosca a dhéanamh le BeSMART, uirlis measúnaithe rioscaí ar líne www.besmart.ie
- comharthaí sábháilteachta coitianta agus an chiall atá leo a shainaithint

PLEANANNA CEACHTA MOLTA

1. Is féidir éagsúlacht mhór de ghníomhaíochtaí seomra ranga a dhéanamh ar an topaic a léiríodh ag tús an aonaid 'An Teachtairacht a Chur in Iúl'. D'fhéadfá cinneadh go mbeadh sé oiriúnach don rang am a chaitheamh ag féachaint ar ról na meán cumarsáide maidir le hábhair amhail sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a chur in iúl. D'fhéadfaí am a chaitheamh chun iniúchadh a dhéanamh ar an Idirlíon agus ar mheáin eile chun féachaint ar na bealaí is éifeachtaí leis an tsábháilteacht ag an obair a chur chun cinn.
2. Ba cheart go mbeadh tuiscint ghinearálta ag daltaí ar an difríocht idir timpiste agus tarlú contúirteach san ionad oibre agus ar cathain is gá iad sin a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. D'fhéadfaí am a chaitheamh freisin ag féachaint ar an ngá atá le hógairacht agus le discríd maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Níor cheart daltaí a spreagadh chun barúil a thabhairt go neamhaireach ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta i ngnóthais nó in ionaid oibre áitiúla ina bhféadfaí na daltaí a fhostú nó a bhféadfaí deiseanna taithí oibre a sholáthar iontu don scoil.
3. Is Acht fada casta é an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005). Tá treoir maidir leis an Acht ar fáil ar www.hsa.ie. Sna sleachta i nGníomhaíocht 5.A, caitear súil siar ar chuid de na saincheistanna tábhachtacha a ardaíodh roimhe seo sa leabhar seo.
4. Tá an tuairisc ar thimpiste i nGníomhaíocht 5.B bunaithe ar thimpiste fhíor. Tá ainmneacha bréige in úsáid ar na daoine agus na háiteanna sa tuairisc.
5. Cuir go leor am ullmhúcháin i leataobh le haghaidh an rólghlactha i nGníomhaíocht 5.C. Déantar go leor den fhoghlaím san ullmhúchán sula dtarlaíonn an cruinniú féin. Beidh neart spraoi ag baint le cur i láthair an rólghlactha agus ar bhreithniú an rólghlactha chéanna. Is fearr a oibríonn rólghlacadh nuair a thuigtear na bunrialacha, nuair a thuigeann na daltaí an ról atá le glacadh acu agus nuair a bhíonn an múinteoir sásta ligean do shamhlaíocht na ndaltaí ról lárnach a ghlacadh sa ghníomhaíocht.
6. Tabhair faoi deara, i nGníomhaíocht 5.G, go bhféadfadh an príomhoide a bheith ina Oifigeach Sábháilteachta.
7. Is féidir le daltaí taighde a dhéanamh ar an uirlis measúnaithe riosca ar líne 'HSA BeSMART' atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis
8. BeSMART.ie agus an méid atá foghlamtha acu a úsáid go praiticiúil trí mheasúnú riosca ar líne a dhéanamh i ngrúpaí maidir lena rogha ionad oibre.
9. Críochnaigh an t-aonad trí iarraidh ar dhaltaí focail bhreise a chur lena mBunachar Focal féin nó le Bunachar Focal an ghrúpa.
10. I gcás na nGníomhaíochtaí Aonaid, ba cheart do dhaltaí an taithí atá acu féin go dtí seo a chur san áireamh, nó smaoineamh ar aon taithí a bhí acu chuige sin agus na ceisteanna á bhfreagairt.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 5

Aonad 5, Cuid 1, An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl



GNÍOMHAÍOCHT 5.A, Leathanach 72

PLÉ RANGA

Léigh na sleachta seo a leanas ón Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005). Smaoinigh ar an bhfáth a bhfuil siad san áireamh in Acht 2005. Cé chomh héifeachtach is atá siad, dar leat, chun rátaí timpiste a laghdú ag an obair?



Sliocht A:

‘cuimsíonn dualgas fostóra:

... gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a chur i gcrích ar bhealach a choiscfeadh iompraíocht mhíchuí ar bith a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas a f(h)ostaithe ag an obair a chur i mbaol.

... pleananna agus nósanna imeachta imleora atá le bheith leanta, agus bearta atá le bheith déanta i gcás éigeandála nó dainséir thromchúisigh, nó dainséir atá ar tí a bheith ann a ullmhú agus a athmheas.

... timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú.’

Alt 8 d'Acht 2005

Pléigh cén duine/cé na daoine a mbeadh ar fhostóir cumarsáid a dhéanamh leo i gcur i gcrích na ndualgas seo.

Sliocht B:

‘Cinnteidh gach fostóir ... go gcuirfear treoir, oiliúint agus maoirseacht ar fáil i bhfoirm, bealach agus friotal ar dócha go réasúnta go dtuigfidh an fostaí iad.’

Alt 10 d'Acht 2005

Pléigh na bealaí éagsúla inar féidir le fostóir treoir, oiliúint agus maoirseacht a chur ar fáil dá f(h)ostaithe. Breithnigh na deacrachtaí a bhainfeadh leis an dualgas seo a chur i gcrích i gcuideachta mhór a fhostaíonn oibrithe a bhfuil cuid mhaith náisiúntachtaí difriúla ag baint leo.



Sliocht C:

'Níl cead ag fostaí páirt a ghlacadh in iompraíocht mhíchuí nó iompraíocht eile amhail foréigean, bulaíocht nó ramhaltaíocht a d'fhéadfadh duine eile ag an obair nó a s(h) ábháilteacht, a s(h)láinte agus a leas a chur i mbaol.'

Alt 13 d'Acht 2005

Déan plé ar éifeachtaí foréigin, bulaíochta nó ramhaltaíochta san ionad oibre ar dhuine. Cé na bearta is féidir le fostóir a chur i bhfeidhm chun a leithéid d'iompraíocht a chosc?

Sliocht D:

'Aithneoidh gach fostóir na guaiseacha san ionad oibre atá faoina smacht, déanfaidh sé/sí measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis na guaiseacha sin agus beidh measúnú scríofa ar na rioscaí ina s(h)eilbh aige/aici.'

Alt 19 d'Acht 2005

Cén fáth a bhfuil an fhoráil seo san Acht? Céard is féidir a dhéanamh chun an rialúchán seo a fhorfheidhmiú? An gcomhlíonann do scoil an riachtanas seo?

Sliocht E:

Ní ghearrfaidh fostóir pionós ar fhostaí as ... gearán a dhéanamh le, nó uiríoll a chur faoi bhráid a (h)ionadaí sábháilteachta nó a f(h)ostóra nó an Údaráis (Sláinte agus Sábháilteachta) maidir le ceist ar bith a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair.'

Alt 27 d'Acht 2005

Cén fáth a bhfuil an fhoráil seo san Acht? An dóigh leat gur chiallmhar an mhaise é d'fhostóirí pionós a ghearradh nó iarracht a dhéanamh pionós a ghearradh ar oibrithe a thuairiscíonn teagmhais drochshláinte agus drochshábháilteachta ina n-ionaid oibre? An ndéanfa a leithéid de ghearán?



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 5

Aonad 5, Cuid 2, Tuairiscí ar thimpistí agus ar theagmhais



GNÍOMHAÍOCHT 5.B, Leathanach 75

CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

Léigh an tuairisc seo a leanas ar thimpiste agus freagair na ceistanna seo a leanas:

C.1 Cár tharla an timpiste seo?

C.2 Conas a tharla an timpiste seo?

C.3 Cén cóir leighis a cuireadh ar an oibrí?

C.4 Arbh fhéidir an timpiste seo a sheachaint go héasca, dar leat? Mínigh do fhreagra.

FÓGRA TIMPISTE

Sonraí an duine ghortaithe:

Ainm: Seosamh Ó Riain

Post: Oibrí feirme

Inscne: Fireann

Seoladh: Radharc an Chloig, Cill Mháí

Dáta Breithe: 29/04/1965

Dáta / am na timpiste: 650 am, 12/08/2014

Déan cur síos ar an gcineál oibre a bhí ar siúl ag an duine nuair a tharla an timpiste:

Bhí Seosamh ag réiteach le féar tirim a bhurláil. Bhí burlaire á cheangal aige den 'fhearsaid chumhachtdúiseachta' (PTO) ar tharracóir a bhí cláraithe in 1993.

Déan cur síos ar an timpeallacht inar tharla an timpiste:

Tharla an timpiste i gclós fheirm Mháirtín Mhic Cionaoith. Maidin thirim gheal a bhí ann. Bhí cuid mhaith innealra feirme sa chlós.

Déan cur síos ar an méid a tharla ag am na timpiste:

Chuaigh léine Sheosaimh i bhfostú sa PTO, rud a bhí ar siúl ag an am. Chuaigh Seosamh i bhfostú sa PTO.

Déan cur síos ar na gortuithe a tharla dó:

Gortaíodh Seosamh go dona. Gearradh scráibeacha troma ar a bhrollach. Bhí a sciathán clé i bhfostú go daingean san innealra agus baineadh seo dá chorp ina dhiaidh sin.

Déan cur síos ar an gcúnamh láithreach a tugadh don duine gortaithe:

Ó ba rud é go raibh Seosamh ag obair ina aonar, ní bhfuair sé cúnamh go dtí gur chuala an t-úinéir, an tUas Mac Cionaoith, é ag glaoch ar chabhair. Mhúch an tUas. Mac Cionaoith an tarracóir. Ó ba rud é nach raibh ag éirí leis an tUas. Ó Riain a shaoradh, chuir sé fios ar otharcharr. Tháinig sé seo tríocha nóiméad ina dhiaidh sin. D'éirigh le hoibrithe leighis Seosamh a bhaint den innealra. Tógadh é go dtí Ospidéal Lúcaís, áit atá trí mhíle is fiche ón bhfeirm.

Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí:

Marfach: ní hea *Cuireadh fios ar otharcharr / dochtúir:* cuireadh

Ar tugadh go dtí an t-ospidéal é: tugadh

Tréimhse neamhláithreachta ó obair:

Tá Seosamh ar saoire bhreuiteachta go fóill. Níl cinneadh déanta an mbeidh sé in ann filleadh ar obair feirme

Sonraí an fhógróra: Máirtín Mac Cionaoith *Cineál / ainm an ghnó:* feirm

Dáta an lae inniu: 15/08/2014



GNÍOMHAÍOCHT 5.C, Leathanach 76 RÓLGHLACADH

Iarrtar ort páirt a ghlacadh i rólghlacadh sa ghníomhaíocht seo. Léigh an cuntas thíos ar eachtra a tharla agus ar shonraí na páirte a bhí ag do charachtar ann. De bharr dhálaí na heachtra agus na n-imeachtaí ina diaidh, tá cruinniú á reáchtáil idir an lucht bainistíochta agus an t-oibrí i gceist. Agus páirt do charachtair á glacadh agat, ní mór duit do smaointe a ullmhú roimh an gcruinniú. Ansin, déanfaidh tú an rólghlacadh den chruinniú sa rang.

Iarrfar ort ceann de na ról seo a leanas a ghlacadh:

- Paul Walsh
- Ger Byrne, comhghleacaí le Paul
- Jane Brennan, stiúrthóir bainistíochta Brennan's Design
- Damien Browne, maoirseoir Paul ar an lá agus bainisteoir sinsearach le Brennan's Design.

Cur síos ar an teagmhas



Is péintéir printísih é Pól Breathnach atá ag obair do Dhearadh Uí Bhraonáin. Conraíodh an chuideachta chun bloc cuideachta mhór chógaisíochta darb ainm DCC a athmhaisiú. Ar na cúraimí a bhí ar Phól, bhí air soithí péinte 10 lítear a iompar ó veain na cuideachta taobh amuigh den fhoirgneamh. Bhí ar Phól staighre a dhreapadh agus dul trí 'limistéar glan' inar tharla céim ríthábhachtach den phróiseas déantúsaíochta drugaí chun seo a dhéanamh. Caitheadh gach duine a théann isteach sa limistéar seo éadaí iomlána cosanta pearsanta a chaitheamh, cumhdaigh bhróige san áireamh.

Ar lá na timpiste, bhí dhá shoitheach 10 lítear ar iompar ag Pól agus é ag dreapadh an staighre. Soitheach amháin in aghaidh na gualainne a bhí ar iompar aige. Bhí na héadaí cosanta riachtanacha go léir á gcaitheamh aige. Thuisligh Pól ar cheann amháin de na céimeanna agus thit sé. Gortaíodh a ghlúin go dona agus tá sé thíos le pian droma ghéar ó shin i leith. Níor chuir Dearthadh Uí Bhraonáin oiliúint ar bith ar Phól ar an gcaoi le hualaí móra a iompar, agus níor chuir DCC oiliúint ar bith air ar obair a dhéanamh agus éadaí cosanta ort.

Agus tú ag ullmhú don rólghlacadh, ba cheart duit:

- do chuid fíricí ar fad a chur in eagar
- do chuid freagrachtaí maidir le sláinte agus sábháilteacht a liostú
- a bheith soiléir maidir le do ról san eachtra
- a bheith ag súil leis na rudaí is dócha a bheidh le rá ag na carachtair eile
- cinneadh a dhéanamh maidir lena bhfuil uait ón gcruinniú
- gach rud a scríobh síos.

Nuair atá gach duine réidh, déanann gach grúpa a rólghlacadh a chur i láthair. Féachann an chuid eile den rang air. D'fhéadfaí plé ranga a dhéanamh ina dhiaidh.



GNÍOMHAÍOCHT 5.D, Leathanach 76 PLÉ RANGA

Féach ar [BeSMART.ie](https://www.besmart.ie) – Uirlis leictreonach bainistithe sábháilteachta agus measúnaithe rioscaí do ghnóthais (Business electronic safety management and risk assessment tool).

Céard í an uirlis sin agus conas a chabhróidh sí le gnóthais bheaga? Céard iad na buntáistí a bhaineann le huirlisí ar líne amhail BeSMART dóibh seo a leanas:

(a) daoine aonair?

(b) gnóthais?



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 5

Aonad 5, Cuid 3, Ráiteas Sábháilteachta



GNÍOMHAÍOCHT 5.E,

Leathanach 78

CUR I LÁTHAIR GEARR CEISTNEOIR

Agus sibh i ngrúpaí ceathrair, ullmhaigh ceistneoir gearr is féidir a úsáid chun leibhéal na feasachta agus na rialúchán sláinte agus sábháilteachta atá i bhfiontar beag áitiúil AR BITH atá roghnaithe agaibh féin a imscrúdú.



GNÍOMHAÍOCHT 5.G,

Leathanach 78

CUR I LÁTHAIR GEARR Córas Sláinte agus Sábháilteachta na Scoile

Tabhair cuireadh d'Oifigeach Sábháilteachta nó Ionadaí Sábháilteachta na scoile labhairt leis an rang faoin gCóras Sláinte agus Sábháilteachta a oibrítear i do scoil.

Ullmhaigh sraith ceisteanna roimh an gcaint. Seans gurb é an cur chuige is fearr ná na ceisteanna seo a thaispeáint don aoí-chainteoir roimh an gcaint.



GNÍOMHAÍOCHT 5.F,

Leathanach 78

CUR I LÁTHAIR GEARR Póstaer Sláinte agus Sábháilteachta

Dear póstaer a chuireann ceachtar díobh seo a leanas chun cinn:

Folláine dhearfach

nó

Teidlíocht oibríthe óga timpeallacht
oibre shábháilte a bheith acu



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 5

Aonad 5, Cuid 4, Comharthaí Sábháilteachta

nua



GNÍOMHAÍOCHT 5.H, Leathanach 80

CLEACTADH DO DHALTAÍ AONAIR

- C1.** Céard é an difríocht idir comharthaí dearga, gorma agus buí, agus cathain a úsáidtear iad sin?
- C2.** Cathain a d'úsáidfí ciorcail, triantáin, agus cearnóga ar chlár comharthaí agus tabhair sampla de gach ceann?



DEIREADH AONAD 1: TRIAIL LUAIS, Leathanach 81



- C1.** Liostaigh ceithre cheanglas den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.
- C2.** Cén áit a bhféadfaí ráiteas sábháilteachta a aimsiú?
- C3.** Céard é an phríomhdhifríocht idir timpiste agus tarlú contúirteach?
- C4.** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach timpistí a thuairisciú?
- C5.** Céard dó a seasann na dathanna dearg, gorm, buí, agus glas ar chlár comharthaí?

FAISNÉIS BHREISE



- www.hsa.ie
- Timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú: http://www.hsa.ie/eng/Topics/Accident_and_Dangerous_Occurrence_Reporting/
- BeSMART.ie



AONAD 6


BREATHNÚ SIAR

Ábhair an Aonaid

- 1 Treoirínte do mhúinteoirí
- 2 Cás-staidéir
- 3 Mórthasc
- 4 Gníomhaíochtaí an aonaid
- 5 Faisnéis bhreise

BREATHNÚ SIAR

AONAD 6



TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Sa leabhar saothair 'Choose Safety', tá an t-inneachar seo a leanas le fáil in **Aonad 6 Breathnú Siar**:

- Cuid 1 Cás-staidéir
- Cuid 2 Mórthasc

Tá sé mar aidhm leis an aonad deiridh seo ligean do dhaltai an t-eolas agus na scileanna a fuair siad ar an gcúrsa seo a chur i bhfeidhm. Is samplaí iad na cás-staidéir de na cineálacha timpistí nó de na cásanna ón saol mar atá a tharla roimhe sin. Athraíodh roinnt de na sonraí ar chúiseanna rúndachta. **Roghnaigh na cás-staidéir sin atá oiriúnach, dar leat, do leibhéal na ndaltai atá agat.**

Soláthraítear faisnéis staitistiúil maidir le gortuithe neamh-mharfacha de réir neamhláithreachta ón obair (2013), agus de réir timpeallacht oibre (leathanach 83 agus 84 den leabhar do dhaltai). Ba cheart do dhaltai anailís a dhéanamh ar na staitisticí sin agus dul chuig suíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta chun a n-eolas a fhorbairt ar thimpistí san ionad oibre agus ar straitéisí chun timpistí a chosc.

I nGníomhaíocht 6.C, soláthraítear sonraí ar na gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh in 2012 agus in 2013, agus i nGníomhaíocht 6.D soláthraítear sonraí ar an líon básanna (oibríthe agus daoine nárbh oibríthe iad) de réir banda aoise a tuairiscíodh in 2013. Áirítear cairt spéisiúil ar na hearnálacha oibre is guaisí ar leathanach 87 freisin. Críochnaítear Cuid 2 leis an Mórthasc roghnach.

PLEANANNA CEACHTA MOLTA

1. Is é Cás Uimh. 1 i nGníomhaíocht 6.A, Timpistí Marfacha (leathanach 85 den leabhar do dhaltai) an t-aon chás amháin nach bhfuil curtha in oiriúint ó chartlann na dtimpistí marfacha a tuairiscíodh don Údarás. Mar sin féin, is cás an-inchreidte é agus rud a tharlaíonn go coitianta. Athraíodh roinnt sonraí de na naoi gcás eile. Spreag plé forleathan ar gach ceann de na cásanna. Déan iarracht gan ligean do dhaltai díriú an iomarca ar an gcúiteamh a bronnadh i ngach cás. D'fhéadfadh béim dá leithéid an teachtaireacht a chur as riocht.
2. Tá formhór na gcásanna i 6.B (leathanach 86 den leabhar do dhaltai) bunaithe ar thuairiscí fóra. Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a fhostaíonn cúramóirí gairmiúla go príomha agus áirítear leo cúntóirí baile, altraí sláinte poiblí agus teiripeoirí gairme a chuireann seirbhís cúraim ar fáil sa bhaile. Cuimsítear le cúramóirí eile cúramóirí teaghlaigh a thugann aire do dhuine muinteartha leo atá tinn nó ar éagumas.
3. Cuir neart ama i leataobh do dhaltai taighde agus pleanáil a dhéanamh don díospóireacht foirne in 6.F (leathanach 89 den leabhar do dhaltai). Ba cheart go léireoidís tuiscint mhaith ar na saincheistean a ardaíodh mar aon le fianaise ar roinnt taighde.
4. **Cleachtadh roghnach is ea an Mórthasc deiridh.** Is féidir é a chur in oiriúint chun freastal ar chumais na ndaltai atá agat. Téigh i gcomhairle le Comhordaitheoir an Chláir i do scoil féachaint an bhféadfaí tasc dá leithéid a úsáid mar chuid de na riachtanais chúrsa don Ardeistiméireacht Fheidhmeach nó do Ghairmchlár na hArdeistiméireachta.

6. Tá sé riachtanach ceann amháin de na Mórthascanna a chríochnú chun go mbronnfaí **Deimhniú le Gradam agus/nó an Suaitheantas Digiteach le Gradam**. I dteannta an riachtanais sin, ní mór fianaise a léiriú gur ghlac an dalta páirt réasúnach i bhformhór na gcodanna eile den chlár Choose Safety.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 6

Aonad 6, Cuid 1, Cás-staidéir



GNÍOMHAÍOCHT 6.A, Leathanach 85

I nGRÚPAÍ

Léigh na cás-staidéir seo maidir le timpistí marfacha agus freagair na ceistanna ina ndiaidh:

TIMPISTÍ MARFACHA

- 1 Fuair garraíodóir bás de bharr turraing leictreach mharfach tar éis citeal uisce a chur ar siúl. Bhí an citeal cúig bliana d'aois agus níor úsáideadh é le tamall roimhe sin mar bhí téitheoir leictreach uisce in úsáid. Mar sin féin, theip ar an téitheoir uisce go gairid roimhe sin agus bhí sé á dheisiú. Mar thoradh air sin, bhain an t-oibrí úsáid as an seanchiteal. In iniúchadh a rinneadh tar éis na timpiste, léiríodh nach raibh an tsreang thalmhaithe ceangailte leis an feirminéal sa phluga. Bhí an tsreang thalmhaithe agus an tsreang bheo i dteagmháil le chéile, agus ba é sin ba chúis leis an timpiste.
- 2 Fuair fostaí i gcuideachta A bás nuair a thit burla cornaí cruach de leantóir leoraí. Bhí sí ag iarraidh an t-ualach a dhaingniú le leantóir mór nuair a tharla an timpiste.
- 3 Fuair fostaí i gcuideachta B bás de bharr gortuithe tromchúiseacha don chloigeann a fuair sé nuair a buaileadh é le hionramhálaí teileascópach a bhí in úsáid chun cloch mhór a chur ar bhalla tí.
- 4 Fuair fostaí i gcuideachtaí C bás mar gheall ar leictreamharú nuair a bhí an barr á bhaint de chrainn aige gar do línte cumhachta beo 20,000 volta.
- 5 Fuair fostaí bás nuair a d'iompar dumpaire 9 dtonna a bhí a thiomáint aige agus cuireadh i bhfostú é thíos faoi.
- 6 Fuair fostaí i gcuideachta D bás nuair a thit sé de chláir ar bharr balla laindéil inmheánaigh de theach aon stóir a bhí á thógáil. Thit sé mar gheall ar thrusanna dín a thit, amhail domanónna, sular daingníodh iad. Ní raibh aon chosaint ar thitim in úsáid.
- 7 Shiúil oibrí feirme isteach i limistéar ina raibh sciodar á shuaitheadh. Tar éis dó aon anáil amháin den ghás sciodair a ghlacadh, thit sé i laige agus fuair sé bás.
- 8 Fuair dalta a bhí ag obair go páirtaimseartha le cuideachta F bás mar gheall ar leictreamharú. Tharla an timpiste agus sadhlas á bhaint ag an dalta. Bhí sé ag iarraidh dreapadh suas ar an mbuainteoir (a bhí á thiomáint ag an bhfostóir) nuair a bhí an buainteoir ag dul faoi línte ardvoltas.
- 9 Fuair fostaí i gcuideachta H bás mar gheall ar leictreamharú agus gáitéar alúmanaim á chur aige ar theach nua dhá stór. Nuair a bhí píosa den gháitéar a bhí 15 mhéadar ar fhad á ionramháil, rinne an gháitéar teagmháil le líne chumhachta 10,000 volta.
- 10 Bhí oibrí cothabhála ag glanadh gáitéir ar theach dhá stór nuair a shleamhnaigh an dréimire ar a raibh sé ina sheasamh. Thit an t-oibrí go talamh, agus rinneadh gortuithe báis dó.

- C. 1 Tá ceann amháin de na cás-staidéir thuas nach cuntas fíor é ar eachtra fhíor. Cén ceann é féin?
- C. 2 I ngach cás, pléigh príomhchúis na timpiste agus na bearta rialaithe ciallmhara a d'fhéadfaí a bheith curtha i bhfeidhm roimh ré.
- C. 3 Cén foras ar a bhféadfadh fostóir achomharc a dhéanamh i gcoinne fineála nó pianbhreith phríosúnachta?
- C. 4 Cé na ceachtanna ginearálta atá le foghlaim tar éis na cásanna thuas a chur faoi chaibidil?



GNÍOMHAÍOCHT 6.B, Leathanach 86

PLÉ RANGA

Léigh na cás-staidéir seo maidir le timpistí neamh-mharfacha agus freagair na ceistanna ina ndiaidh:

TIMPISTÍ NEAMH-MHARFACHA

- 1 Gortaíodh fostaí i gcuideachta X nuair a bhí scrúdú á dhéanamh aici ar ghléas nach raibh ag feidhmiú i gceart. Bascadh a géag láimhe go dona toisc gur mûchadh an trealamh cosanta leictirimheicniúla thart timpeall ar an ngléas.
- 2 Gortaíodh duine den phobal nuair a thit scafall ar phríomhshráid ghnóthach. Bhí an scafall á bhaint dá chéile ag an am.
- 3 Fostaíodh conraitheoir chun díon miotail rocaigh a bhaint ó áitreabh chuideachta Y. Nochtadh fostaí den chonraitheoir d'iarhmhír aispeiste sna painéil ón díon. Bhí úinéir na cuideachta ar an eolas gur dhócha go mbeadh aispeist sa díon, ach níor chuir an t-úinéir an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig an gconraitheoir.
- 4 Gortaíodh printíseach go dona tar éis dó titim trí dhíon peirspéacs rocaigh ar sheid feirme.
- 5 Fágadh fostaí gan lúth na ngéag nuair a bascadh é le dumpaire a bhí á thiomáint aige. Thit an dumpaire i ndiaidh a mhullaigh ar fhána géar.
- 6 Teascadh ceithre mhéar dá lámh dheas d'fhostaí i gcuideachta Z nuair a bhí sábh ciorclach in úsáid aige. Ní raibh aon chosaint in úsáid ar an sábh.
- 7 Rinneadh gortú tromchúiseach do dhroim cúramóra a bhí ag tabhairt aire d'fhear ar éagumas mar thoradh ar fhear a iompar go minic óna leaba go dtí a chathaoir.
- 8 Baineadh tuisle as oibrí óstáin ar chábla folúsghlantóra agus thit sé síos staighre. Rinneadh gortú tromchúiseach dá dhroim.

- C.1 Déan machnamh ar na bearta rialaithe ar cheart iad a bheith curtha i bhfeidhm i ngach ceann de na cásanna thuas.
- C.2 Cén ról a bheadh ag oiliúint agus/nó maoirsiú chun na timpistí thuas a sheachaint?
- C.3 Cé air a bhfuil an locht i ngach cás, dar leat?



GNÍOMHAÍOCHT 6.C, Leathanach 86

PLÉ RANGA

Is iomaí timpiste san ionad oibre a d'fhéadfadh dul gan tuairisciú. Cén fáth a dtarlaíonn a leithéid, dar leat?




GNÍOMHAÍOCHT 6.D, Leathanach 87 PLÉ RANGA


Ag féachaint ar na cairteacha thíos, pléigh modhanna oiriúnacha chun faisnéis maidir le sláinte agus sábháilteacht a chur in iúl d'fhostaithe san aoisghrúpa 18-24 bliana agus d'fhostaithe san aoisghrúpa 55-64 bliana.

Smaoinigh ar fhoinsí faisnéise agus comhairle, oideachas agus oiliúint, feachtais phoiblíochta, teilifís, raidió, agus na meáin shóisialta.

Líon na mbásanna (idir oibrithe agus eile) a tuairiscíodh de réir aoisbhanda 2013 (HSA)



Na hearnálacha is guaisí





GNÍOMHAÍOCHT 6.E, Leathanach 88

SCRÍOBH LITIR CHUIG POLAITEOIR

Léigh an cuntas fíor seo a leanas ar an athrú ollmhór a tháinig ar shaol fíor tar éis dó titim de dhíon:

Níl obair ar lúth déanta agam ó tharla timpiste dom ceithre bliana ó shin. Déanta na fírinne, tá mo shad go léir tar éis titim as a chéile.

Thit mé de dhíon nuair a bhí teach á thógáil agam agus bhris mé mo dhromlach in dhá áit. Rinneadh díotháil fíocháin lúth dom agus díotháil eile do mo ghluin dheas chomh maith. Bhí mo rúitín casta go dona agus scriosadh an maolaire turrainge i mo ghluin. Dúirt gach duine liom go raibh an t-ádh dearg orm teacht slán in aon chor. Chaith mé an chéad sé bliana eile i bhfráma dromlaigh, agus an leaba á coinneáil agam. I ndáiríre, ba iad an dúlagar agus na taomanna scaoil an ghné ba mheasa. Cuireadh mé i mlarda síciatrach ar deireadh.

Ar ndóigh, bhí m'ioncam imithe. Ach ní raibh mo theaghlach in ann cur suas leis an strus a bhain le maireachtáil ar liúntas míchumais agus na taomanna scaoil athfhillteacha. Scar mé féin agus mo thean chéile óna chéile agus tá deacracht mhór agam labhairt go hoscailte le mo leanaí.

Blianta ina dhiaidh sin, tá na cneacha coirp leigheasta den chuid is mó anois ach ní hionann mé agus an fear a bhí ionam san am sin go fóill.

Seán; fear 38 bliain d'aois.

Samhlaigh gur tusa bean chéile Sheáin, nó leanbh/cara dá chuid. Scríobh litir a sheolfadh sé/sí chuig an aire atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht ag an obair a rialáil.



GNÍOMHAÍOCHT 6.F,

Leathanach 89

DÍOSPÓIREACHT FOIRNE

Ullmhaigh díospóireacht foirne ar cheann amháin de na hábhair seo a leanas.

- Uimh.1 Nach bhfuil go leor á dhéanamh ag an rialtas chun oibrithe a chosaint ar thimpistí ionad oibre.
- Uimh.2 Go mbíonn na ceisteanna sláinte agus sábháilteachta go léir ag brath ar ghlacadh an duine le freagracht phearsanta.
- Uimh.3 Nár chóir glacadh in aon chor le sárú na rialachán sláinte agus sábháilteachta.
- Uimh.4 Gur féidir gach gortú agus breoiteacht cheirde a chosc.
- Uimh.5 Gur chóir go mbeadh ceisteanna sláinte agus sábháilteachta níos mó chun tosaigh i gcuraclam na mbunscoileanna agus na meánscoileanna.

Rialacha díospóireachta

Bíonn triúr ar gach foireann. Bíonn an fhoireann ag argóint ar son nó in aghaidh an rúin. Ní mór do gach foireann na hargóintí ar fad a phlé, a phleanáil agus a ullmhú. Ansin, déantar codanna áirithe de na hargóintí sin a thabhairt do gach ball den fhoireann. Bíonn dalta amháin ina c(h)aptaen. Is é an captaen a chuireann tús le díospóireacht na foirne, agus labhraíonn sé/sí arís ag an deireadh chun achoimre a thabhairt.

Labhraíonn gach ball den fhoireann ar feadh TRÍ nóiméad. Labhraíonn an captaen arís ar feadh DHÁ nóiméad chun achoimre a thabhairt ar argóint bhunúsach na foirne.



GNÍOMHAÍOCHT 6.G,

Leathanach 89

TIONSCADAL GEARR GRÚPA

Dialann

Scríobh cuntas samhailteach dar teideal: 'Lá amháin de shaol...' agus é bunaithe ar an ngnáthamh laethúil oibre a mheasann tú a bheith ag duine amháin de na hoibrithe seo a leanas. Agus an cleachtadh seo á dhéanamh agat, díriú go hiomlán ar ghuaiseacha, rioscaí agus ceisteanna eile sláinte agus sábháilteachta a thiocfadh chun cinn go rialta i rith obair laethúil an duine.

Roghnaigh uathu seo a leanas:

garda
maoirseoir naíolainne
Dochtúir ginearálta
cúramóir
freastalaí mná
feirmeoir
iascaire amach ón gcósta
oibrí foirgníochta
gruagaire
tiománaí bus
bainisteoir seirbhísí airgeadais
bainisteoir i monarcha.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 6

Aonad 6, Cuid 2, Mórthasc

MÓRTHASC, Leathanach 90



Iarrtar ar gach dalta **ceann amháin** de na tionscadail seo a leanas a chur i gcrích

Tionscadal Uimhir a hAon



Breithnigh ionad oibre ina raibh tú ag obair le déanaí nó a bhfuil tú ag obair ann faoi láthair. Scríobh tuairisc ar chleachtais sláinte agus sábháilteachta an ghnó. Ná cuir eolas pearsanta nó íogair san áireamh.

Ba chóir go gcuimseodh **Cuid a haon** de do thuairisc cuid nó iomlán na nithe seo a leanas:

- achoimre ar ráiteas sábháilteachta na cuideachta
- tuairisc ar eolas na cuideachta ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta
- breithniú na hoiliúna a chuirtear ar fáil don fhoireann
- polasaí na cuideachta ar na nithe seo a leanas (más bainteach):
 - Trealamh cosanta pearsanta
 - Tuairiscí timpiste
 - Níosanna imeachta aslonnaithe
 - Polasaí ar bhulaíocht san ionad oibre.

Ba chóir go ndéanfadh **Cuid a dó** de do thuairisc moltaí faoin gcaoi ar féidir sábháilteacht a fheabhsú san ionad oibre seo.

Tionscadal Uimhir a Dó



Iarr cead ráiteas sábháilteachta do scoile a fheiceáil. Scríobh anailís chriticiúil ar an ráiteas, agus é bunaithe ar chodanna a haon agus a dó de Thionscadal a hAon thuas.

Tionscadal Uimhir a Trí



Breithnigh ócáid thábhachtach i bhféilire do scoile (amhail turas idirbhliana, turas scoile, dráma ceoil scoile nó lá spóirt). Scríobh measúnú riosca le haghaidh na hócáide, agus tú ag breithniú na nguaiseacha, rioscaí agus rialúchán go léir a shamhlaíonn tú leis an ócáid.

Tionscadal Uimhir a Ceathair



Tá tú le freastal ar chruinniú leis an aire atá freagrach as sábháilteacht ionad oibre. Is mian leat bealaí chun sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú do dhaoine óga ag an obair a phlé leis / léi. Ullmhaigh na nótáí a thabharfaidh tú leat ar an lá. Ba chóir go mbeadh na príomhphointí is mian leat a dhéanamh iontu, chomh maith le staidreamh agus / nó léaráidí bainteacha le tacú le d'argóint.

Tionscadal Uimhir a Cúig



Dear póstaer do do scoil, rud is féidir a chur ar taispeáint in áit fheiceálach. Ba chóir go gcuirfeadh an póstaer gach úsáideoir sa scoil (daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí, srl.) ar an eolas faoin gcleachtas is fearr agus is sábháilte nuair a bhítear ag úsáid na n-áiseanna atá ar fáil (amhail limistéir thionóil, seomraí eolaíochta, seomraí na ríomhairí, srl.). Caithfidh an póstaer a bheith faisnéiseach agus insúl araon. Más fearr leat, is féidir leat póstaer a dhearadh do GACH ceann de na príomhlimistéir i do scoil.



Tionscadal Uimhir a Sé



Dear, ullmhaigh agus déan suirbhé ar ghrúpa bliana iomlán i do scoil. Ba chóir go bhfiosródh an suirbhé eolas na ndaltaí ar, agus a suim i gceisteanna sláinte agus sábháilteachta. Caithfidh tú graif, cairteacha agus liostaí a chur le chéile agus iad bunaithe ar do thaighde. Ba chóir go mbeadh rannán ann chomh maith ina mbeadh conclúidí a bheadh bunaithe ar an suirbhé.

Seans gur mhaith leat comhoibriú agus cúnamh chomhairle daltaí agus chinnirí na scoile a lorg, nó an méid sin a lorg ón gCeann Bliana cuí.

Tionscadal Uimhir a hOcht



Scríobh tuairisc ar fheachtas meán sóisialta a fhorbairt ar sciorrthaí, tuislí agus titimí. Breithnigh an méid atá foghlamtha agat i gclár 'Choose Safety'. Úsáid eolas, cairteacha agus acmhainní staidrimh chun béim a leagan ar an bhfáth a bhfuil tábhacht leis an bhfeachtas, na hamanna is fearr leis an bhfeachtas a thosú, an sprioclucht féachana agus na meáin a úsáidfear. Scríobh postáil ghearr le haghaidh Facebook agus Twitter nó déan cur síos ar phostáil oiriúnach ar You Tube, agus cuir na sonraí seo san áireamh i do thuairisc.

Tionscadal Uimhir a Seacht



Roghnaigh ceann ar bith de na cásanna atá curtha i láthair san aonad seo. Samhlaigh go bhfuil cás coiriúil cúirte ar siúl mar gheall ar an teagmhas. Ullmhaigh an óráid a d'fhéadfadh an t-abhcóide atá ar son na cosanta nó an ionchúisimh a thabhairt. Tá cead agat d'óráid a chur i láthair ó bhéal nó i scríbhinn.

Nóta don mhúinteoir:

Is é/í an múinteoir a cheartóidh na Mórthascanna agus is é/í a chinnfidh an leibhéal dámhachtana le haghaidh gach dalta nó mic léinn.



TRAIL LUAIS DHEIREADH AN AONAIÐ, Leathanach 92

Agus sibh ag obair i ngrúpaí ceathrair, tá 12 nóiméad agaibh chun na measúnuithe riosca tapa seo a leanas a chomhlánú:



An t-ionad oibre	Aonad Guaiseacha 1	Aonad Riosca 2	Aonad Rialúcháin 3
Limistéar cistine i mbialann			
Seomra stórais i siopa DFÉ (DIY)			
Oifig ghnóthach cuntasóirí			
Gruagairí			
Clós feirme			
Ionad garraíodóireachta			
Trálaer iascaireachta			

FAISNÉIS BHREISE

- HSA Summary of Workplace Injury, Illness and Fatality Statistics 2012/2013
http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Corporate/Stats_Report_2013_2012.pdf
- Health and Safety Executive (Ríocht Aontaithe) www.hse.gov.uk
- an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair: <https://osha.europa.eu/en>



CHOOSE
SAFETY

lean muid



www.hsa.ie

'Tír ina bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas oibrithe, chomh maith le bainistíocht shábháilte ceimiceán mar chuid ríthábhachtach d'fhiontraíocht rathúil.'

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
An Foirgneamh Cathrach
Sráid James Joyce
Baile Átha Cliath 1

T: 1890 289 389 R: wcu@hsa.ie I: www.hsa.ie

ISBN 978-1-84496-204-4 HSA0426